2023/2895

22.12.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2895 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2023

lena leagtar síos liosta na n-oileán agus na gcalafort dá dtagraítear in Airteagal 12(3-d) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus liosta na gconarthaí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta nó na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12 (3-c) den Treoir sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(3-d) agus (3-c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Treoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) chun astaíochtaí muiriompair a áireamh sa chóras i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas ('CTA AE').

(2) Chun nascacht oileán áirithe a áirithiú, déantar foráil le CTA AE maidir le dhá chineál maoluithe sealadacha ón oibleagáid lamháltais a thabhairt suas de bhun Airteagal 12(3-d) agus (3-c) de Threoir 2003/87/CE. Ós rud é go mbaineann an dá mhaolú shealadacha sin le nascacht, ba cheart liosta na n-oileán agus na gcalafort agus liosta na gconarthaí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta agus na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta a leagan síos sa ghníomh céanna.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 12(3-d), an chéad fhomhír, de Threoir 2003/87/CE, ní mór calafort atá le sainaithint mar chalafort lena mbaineann an maolú sealadach a bheith suite ar oileán nach bhfuil aon bhóthar ná aon nasc iarnróid aige leis an mórthír agus ina bhfuil daonra níos lú ná 200 000 cónaitheoir buan. Tar éis na n-iarrataí ón Danmhairg, ón nGréig, ón Spáinn, ón gCróit, ón Iodáil, ó Mhálta agus ón tSualainn, ba cheart, dá bhrí sin, roinnt calafort a shainaithint mar chalafoirt lena mbaineann an maolú sealadach de bhun Airteagal 12(3-d) de Threoir 2003/87/CE.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 12(3-c) de Threoir 2003/87/CE, ní mór do chonarthaí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta nó oibleagáidí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta dhá Bhallstát a nascadh, ar Ballstáit iad nach bhfuil teorainn talún ag ceann amháin acu le Ballstát eile agus arb é an Ballstát eile an Ballstát is gaire go geografach don Bhallstát sin nach bhfuil teorainn talún aige. Níl aon teorainn talún ag an gCipir le Ballstát eile agus is í an Ghréig an Ballstát is gaire go geografach don Chipir. Tar éis na hiarrata comhpháirtí ón gCipir agus ón nGréig, ba cheart an conradh seirbhíse poiblí lena nasctar an Chipir agus an Ghréig a shainaithint, dá bhrí sin, mar chonradh seirbhíse poiblí trasnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 12(3-c) de Threoir 2003/87/CE.

(5) Chun feidhmiú éifeachtach CTA AE a áirithiú, lena n-áireofar astaíochtaí ó mhuiriompar a scaoilfear ón 1 Eanáir 2024, ba cheart feidhm a bheith ag an Cinneadh seo ón dáta sin,

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Measfaidh na Ballstáit go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12(3), an chéad fhomhír, pointe (c), agus Airteagal 16, de Threoir 2003/87/CE le comhlíonadh agus ní dhéanfaidh siad aon ghníomhaíocht i gcoinne cuideachtaí loingseoireachta i leith astaíochtaí a scaoiltear go dtí an 31 Nollaig 2030 ó:

(a) muiraistir a dhéanann longa paisinéirí, seachas longa cúrsála paisinéirí, agus longa ro-pax, idir calafort oileáin mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo agus calafort atá faoi dhlínse an Bhallstáit chéanna, nó ó ghníomhaíochtaí na long sin, laistigh de chalafort, i ndáil le haistir den sórt sin;

(b) muiraistir a dhéanann longa paisinéirí nó longa ro-pax faoi chuimsiú conradh seirbhíse poiblí trasnáisiúnta nó oibleagáid seirbhíse poiblí trasnáisiúnta lena nasctar dhá Bhallstát, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó ó ghníomhaíochtaí na long sin, laistigh de chalafort, i ndáil le haistir den sórt sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Liosta na n-oileán agus na gcalafort dá dtagraítear in Airteagal 12(3-d), an chéad fhomhír, de Threoir 2003/87/CE

STÁT	AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
AN DANMHAIRG	BORNHOLM	ROENNE
AN GHRÉIG	AEGINA	AEGINA
		AGIA MARINA, AEGINA
		SOUVALA
	AGATHONISI	AGATHONISI
	AGIOS EFSTRATIOS	AGIOS EFSTRATIOS
	ALONNISOS	ALONNISOS
	AMORGOS	AGIALI
		KATAPOLA
	ANAFI	ANAFI
	ANDROS	GAVRIO
	ANGISTRI	ANGISTRI
	ANTIKYTHIRA	POTAMOS, ANTIKYTHIRA
	ANTIPAROS	ANTIPAROS
	ARKI	ARKI
	ASTYPALAIA	ASTYPALAIA
	CHIOS	CHIOS
		MESTA
	DONOUSA	DONOUSA
	EREIKOUSA	EREIKOUSA
	FOLEGANDROS	FOLEGANDROS
	FOURNI KORSEON	FOURNI KORSEON
	GAVDOS	GAVDOS
	HALKI	HALKI
	IKARIA	EVDILOS / AGIOS KYRIKOS
	INOUSSES	INOUSSES
	IOS	IOS
	IRAKLEIA	IRAKLEIA
	ITHAKI	FRIKES
		PISAETOS
	KALAMOS	KALAMOS
	KALYMNOS	KALYMNOS
	KARPATHOS	KARPATHOS

STÁT	AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
	KASOS	KASOS
	KASTOS	KASTOS
	KEA	KEA
	KEFALLONIA	ARGOSTOLI
		POROS, KEFALLONIA
		SAMI
	KERKYRA	LEFKIMI
	KIMOLOS	KIMOLOS
	KOS	KOS
		MASTICHARI
	KOUFONISI	KOUFONISIA, CYCLADES
	KYTHIRA	AGIA PELAGIA
		DIAKOFTI
	KYTHNOS	KYTHNOS
	LEROS	AGIA MARINA, LEROS
		LAKKI, LEROS
	LESVOS	MYTILINI
	LIMNOS	MYRINA
	LIPSI	LIPSI
	MATHRAKI	MATHRAKI
	MEGANISI	MEGANISI
	MEGISTI	KASTELORIZO
	MILOS	ADAMANTAS
	MYKONOS	MYKONOS
	NAXOS	NAXOS
	NISYROS	NISYROS
	OTHONI	OTHONI
	PAROS	PAROS
	PATMOS	PATMOS
	PAXI	PAXI
	POROS	POROS, TRIZINIA
	PSARA	PSARA
	RHODES	RHODES
		SKALA KAMIROU, RHODES
	SALAMINA	FANEROMENI
		PALOUKIA

STÁT	AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
	SAMOS	VATHY
		KARLOVASI
		PYTHAGOREIO
	SAMOTHRAKI	SAMOTHRAKI
	SCHINOUSSA	SCHINOUSSA
	SERIFOS	SERIFOS
	SIFNOS	KAMARES, SIFNOS
	SIKINOS	SIKINOS
	SKIATHOS	SKIATHOS
	SKOPELOS	GLOSSA/AGNONTAS
	SKYROS	LINARIA
	SPETSES	SPETSES
	SYMI	SYMI
	SYROS	ERMOUPOLI
	THASOS	PRINOS
		THASOS
	THIRA	THIRA
	THYMAINA	THYMAINA
	TILOS	TILOS
	TINOS	TINOS
	YDRA	YDRA
	ZAKYNTHOS	ZAKYNTHOS
AN SPÁINN	FORMENTERA	LA SAVINA
	IBIZA	EIVISSA
		SANT ANTONI DE PORTMANY
	MENORCA	CIUDADELA
		MAÓ
AN CHRÓIT	BIŠEVO	MEZUPORAT
		PORAT
		SALBUNARA
	BRAČ	BOL
		MILNA
		SUMARTIN
		SUPETAR
		SUTIVAN

STÁT	AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
	CRES	CRES
		MARTINŠĆICA
		MERAG
		POROZINA
	DRVENIK MALI	DRVENIK MALI
	DRVENIK VELI	DRVENIK VELIKI
	DUGI OTOK	BOŽAVA
		BRBINJ
		ZAGLAV
	HVAR	HVAR
		JELSA
		STARI GRAD
		SUĆURAJ
	ILOVIK	ILOVIK
	IST	KOSIRAČA
		ŠIROKA
	IŽ	BRŠANJ
		VELI IŽ
		MALI IŽ
	KAPRIJE	KAPRIJE
	KOLOČEP	DONJE ČELO
	KORČULA	DOMINČE
		KORČULA
		PRIGRADICA
		VELA LUKA
	KRAPANJ	KRAPANJ
	LASTOVO	UBLI
	LOPUD	LOPUD
	LOŠINJ	MALI LOŠINJ
		MRTVAŠKA
	MLJET	POLAČE
		SOBRA
	MOLAT	BRGULJE
		MOLAT (LUČINA)
		ZAPUNTEL

STÁT	AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
	OBONJAN	OBONJAN
	OLIB	OLIB
	OŠLJAK	OŠLJAK
	PAŠMAN	TKON
	PREMUDA	KRIJAL
	PRVIĆ	PRVIĆ LUKA
		ŠEPURINE
	RAB	LOPAR
		MIŠNJAK
		RAB
	RAVA	MALA RAVA
		RAVA
	RIVANJ	RIVANJ
	SESTRUNJ	SESTRUNJ
	SILBA	ŽALIĆ
	ŠIPAN	ŠIPANSKA LUKA
		SUĐURAĐ
	ŠOLTA	ROGAČ
	SUSAK	SUSAK
	UGLJAN	PREKO
	UNIJE	UNIJE
	VELE SRAKANE	SRAKANE V.
	VIS	KOMIŽA
		VIS
	VRGADA	VRGADA
	ŽIRJE	MUNA
	ZLARIN	ZLARIN
	ZVERINAC	ZVERINAC
AN IODÁIL	ALICUDI	ALICUDI
	CAPRAIA	CAPRAIA
	CAPRI	CAPRI
		MARINA GRANDE
	FAVIGNANA	FAVIGNANA
	FILICUDI	FILICUDI
	GIANNUTRI	GIANNUTRI

STÁT	AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
	GORGONA	GORGONA
	ISOLA ASINARA	ISOLA ASINARA
	ISOLA D'ELBA	CAVO
		MARCIANA MARINA
		MARINA DI CAMPO
		PORTO AZZURRO
		PORTOFERRAIO
		RIO MARINA
	ISOLA DEL GIGLIO	ISOLA DEL GIGLIO
	ISOLA DI ISCHIA	CASAMICCIOLA TERME
		FORIO
		ISCHIA
		LACCO AMENO
		PORTO D'ISCHIA
	ISOLA DI SAN PIETRO	CARLOFORTE
	ISOLA SANTO STEFANO	ISOLA SANTO STEFANO
	ISOLE TREMITI	ISOLE TREMITI
	ISOLOTTO FORMICA	ISOLOTTO FORMICA
	LA MADDALENA	LA MADDALENA
	LAMPEDUSA	LAMPEDUSA
	LEVANZO	LEVANZO
	LINOSA	LINOSA
	LIPARI	LIPARI
	MARETTIMO	MARETTIMO
	PANAREA	PANAREA
	PANTELLERIA	PANTELLERIA
		SCAURI
	PIANOSA	PIANOSA
	PONZA	PONZA
	PROCIDA	PROCIDA
	SALINA	RINELLA
		SANTA MARINA SALINA
	STROMBOLI	STROMBOLI
	USTICA	USTICA
	VENTOTENE	VENTOTENE
	VULCANO	VULCANO
MÁLTA	GOZO	MGARR
AN tSUALAINN	GOTLAND	VISBY

IARSCRÍBHINN II

Liosta na gconarthaí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta nó na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(3-c) de Threoir 2003/87/CE

— Conradh seirbhíse poiblí chun nasc muirí paisinéirí a bhunú idir an Chipir agus an Ghréig lena nascfaí calafoirt Piraeus (an Ghréig), Larnaca (an Chipir) agus Limassol (an Chipir).